



Imlitir 0036/2018

**Do Phríomhoidí agus Boird Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéil, Scoileanna Speisialta agus do Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Ábhar dualgais don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach**

***Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)***

**(Do scoláirí a théann faoin Scrúdú Deiridh in 2020, 2021 agus 2022)**

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéil agus Scoileanna Speisialta a sholáthraíonn clár na sraithe sóisearaí do scoláirí ag leibhéal 3 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur ar an eolas faoin ábhar dualgais don dara agus tríú bliain de *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)* do scoláirí a théann faoin Scrúdú Deiridh in 2020, 2021 agus 2022.

San Imlitir seo leagtar amach an t-ábhar dualgais do Shonraíocht Ghaeilge T2 atá dírithe ar scoláirí a bhfuil an Ghaeilge á saothrú acu mar dhara teanga go príomha agus atá i mbun staidéir ar ábhair eile trí mheán an Bhéarla.

Iarrann an Roinn ar na húdaráis scoile an Imlitir a chur ar a súile do gach múinteoir a mhúineann *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)*.

Iarrann an Roinn ar údaráis scoile fógra cuí faoi na téacsanna seo a thabhairt do na scoláirí ag tús na scoilbhliana lena mbaineann.

Tá teacht ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

Is féidir fiosrúithe maidir leis an Imlitir seo a chur trí ríomhphost chuig: [CAP@education.gov.ie](mailto:CAP@education.gov.ie)

Eamonn Moran

Príomhoifigeach

An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

Bealtaine 2018

## **Ról na litríochta i ndáil le foghlaim, teagasc agus measúnú na Gaeilge sa tSraith Shóisearach**

Is rud tábhachtach don scoláire é deiseanna a fháil chun téacsanna liteartha a shaothrú agus mar sin is cuid lárnach é dá aistear i bhfoghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach. Ba chóir forbairt scileanna teanga agus iniúchadh téacsanna liteartha a chomhtháthú sa seomra ranga chun tacú le forbairt

- teanga agus litearthachta
- scileanna criticiúla agus cruthaitheacha
- tuiscintí cultúrtha
- forás pearsanta.

## **Roghnú na dtéacsanna**

Agus é/í ag tógáil ar an taithí ar iniúchadh a dhéanamh ar théacsanna liteartha sa chéad bhliain, roghnóidh an scoláire téacsanna ón liosta de roghanna thíos i gcaitheamh na dara agus an tríú bliain i gcomhpháirt leis an múinteoir.

Ní mór **GAN** aon téacs a ndearnadh iniúchadh air sa chéad bhliain a bheith i measc na dtéacsanna a roghnaítear.

San áireamh sa liosta a roghnaítear beidh, ar a laghad:

- **dhá** ghearrscéal
- **aon** dráma (iomlán) amháin
- **cúig** dhán/amhrán
- **aon** úrscéal (iomlán) amháin *Ardleibhéal amháin*

## **An litríocht agus an measúnú**

Moltar do scoileanna dul i gcomhairle le *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)* chun mionsonraí a fháil maidir le socrúcháin an mheasúnaithe don nGaeilge sa tSraith Shóisearach agus an ról atá ag téacsanna liteartha sna measúnuithe seo. Is féidir an tSonraíocht a íoslódáil ó [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) nó ón [nasc](#) seo. Is féidir comhairle a fháil leis, ó An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ([www.jct.ie](http://www.jct.ie) nó [info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)).

Tugtar forbhreathnú ar ról na litríochta sa mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí sa Ghaeilge sa tSraith Shóisearach anseo thíos.

#### *Measúnú Rangbhunaithe: 1 Punann Teanga*

- Ba cheart do scoláirí leas a bhaint as **téacs liteartha** nó **litríochta** ón liosta don dara agus/nó tríú bliain mar spreagadh **do cheann amháin ar a laghad** de na píosaí punainne a roghnófar.

#### *Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach*

- **Is féidir** le scoláirí **téacsanna ón liosta litríochta** don dara agus/nó tríú bliain a úsáid mar spreagadh do thopaic/shaincheist don tasc seo.

***Nóta: Is ag leibhéal comónta atá gach Measúnú Rangbhunaithe.***

#### *Tasc Measúnaithe*

- Tabharfaidh na scoláirí faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích acu.
- Déanfar an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus beidh baint ag an tasc leis na torthaí foghlama don dara Measúnú Rangbhunaithe.
- Marcálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit an Tasc Measúnaithe.

#### *An Scrúdú Deiridh*

- Socróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an Scrúdú Deiridh ag dhá leibhéal: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.
- Reáchtálfar an scrúdú ag deireadh an tríú bliain.
- Scrúdú dhá uair an chloig a bheidh le déanamh. Iarrfar ar an scoláire a c(h)umais teanga a thaispeáint i dtascanna éagsúla teanga agus liteartha ina n-éilítear cumarsáid phearsanta idirghníomhach.
- I gcás **an Ardleibhéil** amháin, déanfar measúnú ar **fhreagairt phearsanta/chumarsáideach** an scoláire **ar théacsanna litríochta**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i gcomhairle le *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)*. Is féidir an t*Sonraíocht* a íoslódáil ó [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) nó ón [nasc](http://nasc) seo.

## Liosta Téacsanna Dualgais

<b>Úrscéalta T2</b>			
<b>Teideal</b>	<b>Údar</b>	<b>Foilsitheoir</b>	<b>Bliain</b>
<i>Sárú</i>	Anna Heussaff	Cló Iar-Chonnacht	2017
<i>Labhair Amach.com</i>	Áine Uí Fhoghlú	Cló Iar-Chonnacht	2017
<i>Tóraíocht Taisce</i>	Mícheál Ó Ruairc	Cois Life	2012
<i>Amach</i>	Alan Titley	An Gúm	2003
<i>Smuf</i>	Alan Titley	An Gúm	2012
<i>Hóng</i>	Anna Heussaff	Cló Iar-Chonnacht	2012
<i>Daideo</i>	Áine Ní Ghlinn	Cois Life	2014
<i>Cúpla</i>	Ógie Ó Céilleachair	Cló Iar-Chonnacht	2011
<i>Éalú san Oíche</i>	Colmán Ó Raghallaigh	Cló Mhaigh Eo	2012
<i>Trumptaí Dumptaí agus An Falla Mór</i>	Ré Ó Laighléis	Móinín	2017
<i>Hiúdaí Beag</i>	Eithne Ní Ghallchobhair	Cló Mhaigh Eo	2012
<i>Lasair na Gréine</i>	Claire Lyons	Coiscéim	2006

<b>Gearrscéalta T2</b>				
<b>Teideal</b>	<b>Údar</b>	<b>Cnuasach / Bailiúchán</b>	<b>Foilsitheoir</b>	<b>Bliain</b>
<i>Leigheas</i>	Orna Ní Choileáin	<i>Sciarrann an tAm</i>	Cois Life	2014
<i>Quick Pick</i>	Orna Ní Choileáin	<i>Sciarrann an tAm</i>	Cois Life	2014
<i>Katfish</i>	Ógie Ó Céilleachair	<i>Katfish agus Scéalta eile</i>	Cló Iar-Chonnacht	2017
<i>An Cluiche Mór</i>	Ógie Ó Céilleachair	<i>Katfish agus Scéalta Eile</i>	Cló Iar-Chonnacht	2017
<i>Punk</i>	Ré Ó Laighléis	<i>Punk agus Scéalta Eile</i>	Cló Mhaigh Eo	1998 2004
<i>Na Bradmharcaigh</i>	Ré Ó Laighléis	<i>Punk agus Scéalta Eile</i>	Cló Mhaigh Eo	1998 2004
<i>Spás</i>	Mícheál Ó Ruairc	<i>Na Lucha ag Rince</i>	Cló Iar-Chonnacht	2009
<i>M'Asal Beag Dubh</i>	Pádraic Ó Conaire	<i>Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta (eag. Diarmuid de Faoite)</i>	Cló Iar-Chonnacht (ríomhleabhar)	2008
<i>Fionn agus an Fathach</i>	Jacqueline de Brún	N/bh	An tÁisaonad	2012
<i>Deirdre an Bhróin</i>	Máirtín Mac Grianna	N/bh	An tÁisaonad	2012

Filíocht T2				
Teideal	File	Cnuasach / Ar fáil ag	Foilsitheoir	Bliain
<i>Stadeolaíocht</i>	Marcus Mac Conghail	<i>Ceol Baile</i>	Cois Life	2014
<i>Jeaic ar Scoil</i>	Dairena Ní Chinnéide	<i>Máthair an Fhiaigh</i>	Cló Iar-Chonnacht	2008
<i>An Ghealach</i>	Caitriona Ní Chléirchín	<i>Crithloinnir</i>	Coiscéim	2010
<i>Sámhchodladh</i>	Colm Breathnach	<i>An Fear Marbh</i>	Coiscéim	1998
<i>Slán</i>	Áine Ní Ghlinn	<i>Gairdín Pharthais agus dánta eile</i>	Coiscéim	1988
<i>Ceist na Teangan</i>	Nuala Ní Dhomhnaill	<i>Pharaoh's Daughter</i>	Gallery Press	1990
<i>Rún</i>	Caitlín Maude	<i>Caitlín Maude: Dánta, Drámaíocht agus Prós</i>	Coiscéim	2005
<i>Aongus</i>	Johnny Chóil Mhaidhc	<i>Buille Faoi Thuairim Gabha</i>	Cló Iar-Chonnacht	1987
<i>An Grá</i>	Colm Breathnach	<i>Croí agus Carraig</i>	Coiscéim	1995
<i>Deochadh Dorais</i>	Ailbhe Ní Ghearbhuigh	<i>The Coast Road</i>	Gallery Press	2016
<i>Maith Dhom</i>	Máirtín Ó Direáin	<i>Máirtín Ó Direáin: Na Dánta</i>	An Clóchomhar Tta (Cló Iar-Chonnacht)	2010
<i>Breith Dáin</i>	Máirtín Ó Direáin	<i>Máirtín Ó Direáin: Na Dánta</i>	An Clóchomhar Tta (Cló Iar-Chonnacht)	2010
<i>Dán do Lara 10</i>	Michael Hartnett	<i>A Necklace of Wrens</i>	Gallery Press	1987
<i>Deireadh Cóisire</i>	Gearóid Mac Lochlainn	<i>Na Scéalaithe</i>	Coiscéim	1999
<i>Ceithre Ráithe na Bliana</i>	Pádraig Mac Suibhne	<i>Solas Uaigneach</i>	An Sagart	1992

Amhráin T2	
Teideal	Scríbhneoir
<i>Bí Ann/Leanfaidh mé</i>	Kila
<i>Fún orm</i>	IMLÉ
<i>An Poc ar Buile</i>	Traidisiúnta
<i>Cúnla</i>	Traidisiúnta
<i>Aililiú na Gamhna</i>	Traidisiúnta
<i>Mise Éire</i>	Pádraig Mac Piarais (liricí) Patrick Cassidy (ceol)
<i>An Saol Rúnda</i>	Oisín Mac
<i>Deireadh na seachtaine</i>	Na Fírén
<i>Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir</i>	Tadhg Mac Dhonnagáin
<i>A Neansaí 'mhíle grá</i>	Traidisiúnta
<i>An Mhaighdean Mhara</i>	Traidisiúnta
<i>Ag Críost an Síol</i>	Seán Ó Riada (ceol)
<i>Níl mé Marbh</i>	Róisín Seoige
<i>Solas</i>	Seo Linn
<i>Déan é</i>	Sruth na Maoile
<i>Siar go Conamara</i>	Aerach

Drámaí T2				
Teideal	Údar	Cnuasach	Foilsitheoir	Bliain
<i>Gan Choinne</i>	Ré Ó Laighléis	<i>Aistear Intinne</i>	Coiscéim	1996
<i>Gleann Álainn</i>	Brian Ó Baoill	<i>Bózó agus drámaí eile</i>	Cló Iar-Chonnacht	2003
<i>Na Deoraithe</i>	Celia de Fréine	<i>Blúiríní</i>	COGG	2015
<i>Lá Buí Bealtaine</i>	Máiréad Ní Ghráda	<i>Gearrdhrámaí an Chéid</i> Eag. Pádraig Ó Siadhail	Cló Iar-Chonnacht	2000 2008
<i>An Casán</i>	Séamus de Bhilmot	<i>Gearrdhrámaí an Chéid</i> Eag. Pádraig Ó Siadhail	Cló Iar-Chonnacht	2000 2008